Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

An Bhruiséil, 7 Samhain 2023
(OR. en)

13818/23

Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0341 (NLE)

LIMITE

POLCOM 221
WTO 156
AGRI 590
UD 211
UK 200

GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

Ábhar:	Comhaontú i bhfoirm malartú litreacha idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua lena leasaítear an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua de bhun Airteagal XXVIII den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil (CGTT) 1994 a bhaineann le modhnú lámháltas ar na taraif-chuótaí uile a áirítear i Sceideal CLXXV AE de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach

PUBLIC

COMHAONTÚ

I bhFOIRM MALARTÚ LITREACHA

IDIR AN tAONTAS EORPACH

AGUS RÍOCHT NA hIORUA

LENA LEASAÍTEAR AN COMHAONTÚ

IDIR AN tAONTAS EORPACH

AGUS RÍOCHT NA hIORUA

DE BHUN AIRTEAGAL XXVIII

DEN CHOMHAONTÚ GINEARÁLTA UM THARAIFÍ AGUS TRÁDÁIL (CGTT) 1994

A BHAINEANN LE MODHNÚ LAMHÁLTAS

AR NA TARAIF-CHUÓTAÍ UILE A ÁIRÍTEAR I SCEIDEAL CLXXV AE

DE THORADH THARRAINGT SIAR NA RÍOCHTA AONTAITHE

AS AN AONTAS EORPACH

A. Litir ón Aontas Eorpach

A Dhuine Uasail,

Is mian liom tagairt a dhéanamh do na nósanna imeachta atá ar siúl faoi láthair faoi Airteagal XXVIII de CGTT 1994, a thionscain an tAontas Eorpach tríd an bhfógra atá i ndoiciméad G/SECRET/42 an 24 Iúil 2018, lena moltar modhnuithe ar lamháltais maidir le taraif-chuótaí a áirítear i Sceideal Taraife CLXXV an Aontais Eorpaigh de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach.

An 17 Nollaig 2020 shínigh an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua Comhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha chun an chaibidlíocht a thabhairt i gcrích de bhun Airteagal XXVIII de CGTT 1994 ('Comhaontú an 17 Nollaig 2020'), comhaontú a tháinig i bhfeidhm an 10 Bealtaine 2021.

Mar thoradh ar an gcaibidlíocht idir an tAontas Eorpach agus Comhaltaí EDT eile a bhfuil cearta acu faoi Airteagal XXVIII de CGTT 1994, chomhaontaigh an tAontas Eorpach le Comhaltaí EDT sin athrú a chur ar na sciartha de thrí tharaif-chuóta erga omnes a bhfuil cearta caibidlíochta ag Ríocht na hIorua ina leith (uimhreacha 015 agus 017 maidir le muiceoil atá úr, fuaraithe nó reoite agus uimhir 030 maidir le púdar bainne bhearrtha), mar a shonraítear sa cholún deireanach den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Litir seo. Tar éis comhairliúcháin dhéthaobhacha, comhaontaíonn Ríocht na hIorua leis na modhnuithe mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Litir seo agus leis na gealltanais chainníochtúla a eascraíonn as sin lena nglacann an tAontas Eorpach, agus nach n-áirítear an Ríocht Aontaithe ann a thuilleadh.

Tá sé d'onóir agam a mholadh gurb ionann an Litir seo agus deimhniú do Rialtais, arna nglacadh le chéile, agus Comhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua, lena leasaítear Comhaontú an 17 Nollaig 2020 i ndáil le cionroinnt na dtaraif-chuótaí a bhfuil cearta caibidlíochta ag Ríocht na hIorua ina leith.

Tabharfaidh an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua fógra dá chéile faoi thabhairt chun críche a gcuid nósanna imeachta inmheánacha i leith theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo. I gcás an Aontais Eorpaigh, seolfar an fógra i scríbhinn chuig Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh. Tiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm ar dháta an fhógra dheireanaigh. Déanfar an Comhaontú seo a dhréachtú i ndúblach, sa Bhéarla, sa Bhulgáiris, sa Chróitis, sa Danmhairgis, san Eastóinis, san Fhionlainnis, sa Fhraincis, sa Ghaeilge, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis, sa Laitvis, sa Liotuáinis, sa Mháltais, san Ollainnis, sa Pholainnis, sa Phortaingéilis, sa Rómáinis, sa tSeicis, sa tSlóivéinis, sa tSlóvaicis, sa Spáinnis, sa tSualainnis, san Ungáiris agus san Ioruais, agus comhúdarás ag an téacs i ngach ceann de na teangacha sin.

Glac, a Dhuine Uasail, le do thoil, deimhne mo mhodha fhíormhóir duit.

Thar ceann an Aontais Eorpaigh

PUBLIC

IARSCRÍBHINN

Taraif-chuótaí an Aontais Eorpaigh nach n-áirítear an Ríocht Aontaithe ann a thuilleadh.

Sraithuimhir Tharaif-chuóta	Tuairisc	Aonad	Téarmaí agus coinníollacha eile	Lamháltas le haghaidh an Aontais Eorpaigh nach n-áirítear an Ríocht Aontaithe ann a thuilleadh
015	Muiceoil atá úr, fuaraithe nó reoite: - Gearrthacha de mhucra clóis atá úr, fuaraithe nó reoite ar an gcnámh nó gan chnámha, cé is moite den luan bog a chuirtear ar fáil ar leithligh	t	Erga omnes	4 786
017	Muiceoil atá úr, fuaraithe nó reoite: - Luanta agus liamhása gan chnámha de mhucra clóis atá úr, fuaraithe nó reoite	t	Erga omnes	5 720
019	Muiceoil atá úr, fuaraithe nó reoite: - Luanta boga de mhucra clóis atá úr, fuaraithe nó reoite	t	Erga omnes	3 780
030	Púdar bainne bhearrtha	t	Erga omnes	62 917
124	Ubh-albaimin	t (coibhéis na huibhe sa bhlaosc)	Erga omnes	15 500
002	Scadán	t	Erga omnes	33 496

B. Litir ó Ríocht na hIorua

A Dhuine Uasail,

Tá sé d'onóir agam a chur in iúl duit go bhfuarthas do litir dar dáta an lae inniu, atá mar seo a leanas:

> 'Is mian liom tagairt a dhéanamh do na nósanna imeachta atá ar siúl faoi láthair faoi Airteagal XXVIII de CGTT 1994, a thionscain an tAontas Eorpach tríd an bhfógra atá i ndoiciméad G/SECRET/42 an 24 Iúil 2018, lena moltar modhnuithe ar lamháltais maidir le taraif-chuótaí a áirítear i Sceideal Taraife CLXXV an Aontais Eorpaigh de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach.
>
> An 17 Nollaig 2020, shínigh an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua Comhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha chun an chaibidlíocht a thabhairt i gcrích de bhun Airteagal XXVIII de CGTT 1994 ('Comhaontú an 17 Nollaig 2020'), comhaontú a tháinig i bhfeidhm an 10 Bealtaine 2021.
>
> Mar thoradh ar an gcaibidlíocht idir an tAontas Eorpach agus Comhaltaí EDT eile a bhfuil cearta acu faoi Airteagal XXVIII de CGTT 1994, chomhaontaigh an tAontas Eorpach leis na Comhaltaí EDT sin athrú a chur ar na sciartha de thrí tharaif-chuóta erga omnes a bhfuil cearta caibidlíochta ag Ríocht na hIorua ina leith (uimhreacha 015 agus 017 maidir le muiceoil atá úr, fuaraithe nó reoite agus uimhir 030 maidir le púdar bainne bhearrtha), mar a shonraítear sa cholún deireanach den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Litir seo. Tar éis comhairliúcháin dhéthaobhacha, comhaontaíonn Ríocht na hIorua leis na modhnuithe mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Litir seo agus leis na gealltanais chainníochtúla a eascraíonn as sin lena nglacann an tAontas Eorpach, agus nach n-áirítear an Ríocht Aontaithe ann a thuilleadh.
>
> Tá sé d'onóir agam a mholadh gurb ionann an Litir seo agus deimhniú do Rialtais, arna nglacadh le chéile, agus Comhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua, lena leasaítear Comhaontú an 17 Nollaig 2020 i ndáil le cionroinnt na dtaraif-chuótaí a bhfuil cearta caibidlíochta ag Ríocht na hIorua ina leith.

PUBLIC

Tabharfaidh an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua fógra dá chéile faoi thabhairt chun críche a gcuid nósanna imeachta inmheánacha i leith theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo. I gcás an Aontais Eorpaigh, seolfar an fógra i scríbhinn chuig Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh. Tiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm ar dháta an fhógra dheireanaigh. Déanfar an Comhaontú seo a dhréachtú i ndúblach, sa Bhéarla, sa Bhulgáiris, sa Chróitis, sa Danmhairgis, san Eastóinis, san Fhionlainnis, sa Fhraincis, sa Ghaeilge, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis, sa Laitvis, sa Liotuáinis, sa Mháltais, san Ollainnis, sa Pholainnis, sa Phortaingéilis, sa Rómáinis, sa tSeicis, sa tSlóivéinis, sa tSlóvaicis, sa Spáinnis, sa tSualainnis, san Ungáiris agus san Ioruais, agus comhúdarás ag an téacs i ngach ceann de na teangacha sin'.

Leis seo, tá sé d'onóir agam comhaontú mo Rialtais leis an Litir thuas a chur in iúl.

Thar ceann Ríocht na hIorua

IARSCRÍBHINN

Taraif-chuótaí an Aontais Eorpaigh nach n-áirítear an Ríocht Aontaithe ann a thuilleadh.

Sraithuimhir Tharaif-chuóta	Tuairisc	Aonad	Téarmaí agus coinníollacha eile	Lamháltas le haghaidh an Aontais Eorpaigh nach n-áirítear an Ríocht Aontaithe ann a thuilleadh
015	Muiceoil atá úr, fuaraithe nó reoite: - Gearrthacha de mhucra clóis atá úr, fuaraithe nó reoite ar an gcnámh nó gan chnámha, cé is moite den luan bog a chuirtear ar fáil ar leithligh	t	*Erga omnes*	4 786
017	Muiceoil atá úr, fuaraithe nó reoite: - Luanta agus liamhása gan chnámha de mhucra clóis atá úr, fuaraithe nó reoite	t	*Erga omnes*	5 720
019	Muiceoil atá úr, fuaraithe nó reoite: - Luanta boga de mhucra clóis atá úr, fuaraithe nó reoite	t	*Erga omnes*	3 780
030	Púdar bainne bhearrtha	t	*Erga omnes*	62 917
124	Ubh-albaimin	t (coibhéis na huibhe sa bhlaosc)	*Erga omnes*	15 500
002	Scadán	t	*Erga omnes*	33 496